Sneachta

Má bhíonn sneachta ann amárach
Beidh an domhan chomh fuar
Chomh fuar le huachtar reoite
Chomh fuar le ceann gan ghruaig

Curfá
Ó tagaigí anuas a chalóga sneachta
Tagaigí anuas go beo
Tagaigí anuas a chalóga sneachta
Titigí os mo chomhair

Má bhíonn sneachta ann amárach
Beidh an domhan chomh glan
Chomh glan le scilling nár caitheadh go fóill
Nó babaí sa bhfolcadán

Curfá

Má bhíonn sneachta ann amárach
Nach againn a bhéas an spraoi
Ag sleamhnú anuas na gcnocán
Ag caitheamh na liathróidí

Curfá

©1997 & 2004 – Ceol agus liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin